Grant Thornton

Foinse Feasa
Earrach 2010

Níl aon amhras ann ach gur bliain ana dheacair i gcúrsaí gnó ab ea 2009. Bhí seo soiléir go mór mhór i gcás comhluchtaí príomháideacha áit a raibh ganntanas creidmheas ar fáil, agus, ina theannta san, ní raibh fonn ar dhaoine airgid a chaitheamh ar earraí eagsúla. Ní h-amháin gur chaill lucht gnó láimhdeachas ach chailleadar brabús chomh maith. Chaith morán comhluchtaí formhór na bliana ag leadú a chuid costais chun go mbeadh said san iomaíocht as seo amach.

Cad iad na rudaí ba chóir féachaint orthu sa bhliain 2010? San eagrán seo, Earraigh 2010 do Foinse Feasa, déanfaimid cur is cúiteamh ar rudaí atá tábhachtach díbhse ár clianta agus tadhaill. Tá cibé athchóiriú ó thaobh airgeadais is féidir a dhéanamh déanta ag comhluchtaí le bliain go leith anuas. Dá bhrí sin, is bliain í 2010 a bheidh caite ag coiméad na costais amhlaidh agus beidh gach comhlucht ag déanamh a sheacht ndícheall láimhdeachas a árdú.

Is é an easpa airgid nó creidmheas an fadhb is mó atá ag cur as lucht gnó, fé láthair. San eagrán seo tabharfaimíd treoir chun déileáil leis na bainc. Chomh maith leis sin féachaimid ar buaic phointí Acht an Airgidis agus áiteanna eile go mbéidir gur féidir costais a laighdú. Tabhairfimid sreac fhéachaint ar NAMA agus go h-áirithe cad be chóir duit a dhéanamh má chuireann sé isteach ort.

Mar fhocal scoir, toisc gur Seachtain na Gaeilge í, tá alt againn fé chúrsaí gnó in iarthair na tíre.

Más mian leat labhairt linn fé aon rud atá luaite thuas nó sna leathanaigh romhain amach dein deimhneach teagmháil le aon duine atá luaite ar an leathanach deirneach nó an duine sa chomhlucht gur fearr aithint.

"Ní thug aoinne riamh comhairle ná raghadh cuid di ar mhaithe leis féin."

Oilibhéar Ó Conchubhair
Stiúrthóir, Comhlucht Comhairliú Airgeadais
Grant Thornton Teoranta

Oilibhéar Ó Conchubhair

Spotsolas – Iarthar na Tíre

Toisc gurb í seo Seachtain na Gaeilge tá sé oiriúnach go gcuirfimid spotsolas ar iarthar na tíre san eagrán seo. Thit an fostaíocht sna comhluchtaí gur thug Údarás na Gaeltachta tacaíocht dóibh fé cheann 9% i 2009 i gcomparáid le 2008. Ní h-amháin gur cailleadh turasóirí sna mílte ón dtír seo le bliain nó dhó ach thit an lug ar an lag ar na toinscail go léir a bhí ag braith ar turasóirí chun earraí a cheannach chomh maith. Bhí formhór na tionscail sin bunaithe in iarthar na tíre.

An todhchaí?

Nuair a bhí na turasóirí ag teacht chugainn bhí margadh ann dár gcuid earraí. Ba chóir duinn na h-earraí céanna a thabhairt chuthu anois. Ceapann céatadán maith do chomhluchtaí beaga ná féidir leo rud ar bith a dhéanamh chun láimhdeachas a thabhairt chun cinn in Éirinn nó thar lear, ach níl san fíor. Sa bhliain 2008 is ag 22% don dtír seo a bhí leathanbhanda. Ag an am dúirt an Rialtas go mbeadh leathanbhanda ag formhór na tíre ag deireadh 2010 agus chuireadar €435 milliún ar fáil do san. Ba chóir go dtabharfadh an idirlínn deis do chomhluchtaí beaga margaí nua a shroicheant. Níl aon amhras ann freisin ach go mbeadh na comhlachtaí stát sásta cabhair a thabhairt do chomhluchtaí atá ag iarradh dul chun cinn a dhéanamh.

Anois?

Níl an tarna dul suas ann ach a bheith fuinneamhach i dtaobh ár gcuid gnó. Is ait an mac an saol fé láthair. Níl creidmheas ar fáil, níl fonn caitheamh na pingine ar ár chustaméirí ach caithimíd dul ar aghaidh. Bun ós cionn le oirthear na tíre níl na milliún custaméirí taobh amuigh den doras. Dá bharr, dein deimhneach:

- bí cinnte go bhfuil do chuid fostaithe ag déanamh a sheacht ndícheall do chuid earraí a dhíol agus chomh maith leis sin bí cinnte go bhfuil said freagrach as airgid na h-earraí sin a bhailiú. Cur pé cúrsaí gnó in iúl dóibh;

- faigh margaí nua do do chuid earraí in Éirinn no thar lear;

- faigh comhairle maidir le cúrsaí gnó agus fostaíocht ó dreamanna ar nós Údarás na Gaeltachta, Fhiontraíocht Éireann, agus na boird fiontraíochta áitiúil; agus

- buail leothu san atá ag obair sa tionscal céanna leat féin nó iad siúd atá ag díol earraí mar an gcéanna. Ba chóir go bhféadfach sibh foghlaim óna chéile agus, béidir, barainneachtaí mórscálacha a bhaint amach.

"Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine"

Soláthair creidmheas

Fé láthair, is í an easpa soláthair creidmheas is mó atá ag cur as comhluchtaí príomháideacha. Tá na bainc ar fad a rá go bhfuil creidmheas ar fáil ach is é a mhalairt an fhírinne. De réir léargas a dhein ISME le deanaí (a foilsíodh 1/03/2010) bé ceann do na torthaí ná gur dhiúltaíodh 55% a dhein iarracht creidmheas a urrú idir mí na Nollag agus mí Feabhra. Thit an méid airgead a thug na bainc ar iasacht 11.3% I 2009.

San léargas gnó idirnáisiúnta Grant Thornton (IBR) a deineadh le deanaí dúrach gurb é cinne breis agus 40% do lucht gnó na hÉireann go mbeadh níos lú creidmheas ar fáil I mbliana (An Ghearmáin 64%!). Má tharlaíonn amhlaidh, cad é an toradh? Ní bheidh comhluchtaí in ann dul i méid gan creidmheas agus dóibh siúd a bhí ag braith ar creidmheas chun maireachtaint, teipidh orthu. Ní chabhraíonn sé seo le aon duine mar, i ndeireadh na dála, tá creidmheas ag taistáil ó chomhluchtaí agus caithfidh comhluchtaí a bheith ann chun gur féidir leis na bainc creidmheas a thabhairt (agus brabús a dhéanamh air).

Cad is féidir a dhéanamh?

In ainneoin an béal bocht atá go forleathan tá go lóir airgid sa tír seo go fóil. Bhí an ráta taisce 11% i 2009 i gcomparáid le 3% i 2007. Thug Grant Thornton dhá mholtaí ba chóir cur i bhfeidhim.

1. **Infheistíocht a spreagadh i gcomhluchtaí easpórtáila**
   Ba chóir don Rialtas scéim infheistíochta a bhunú chun cabhair a thabhairt do chomhlúchtaí beaga. Bheadh an infheistú ar bhonn comhchiste agus bheadh buntáistí cáin agus pinsean ag baint leis.
2. **Creidmheas a thabhairt do chomhluchtaí ag dul go margaí nua**
   Ba chóir don Rialtas scéim árachais creidmheasa a chur cun cinn do chomhluchtaí atá ag easpórtáil earraí agus seirbhísí ós na earnáil den gheilleagar atá ag fás, agus, go mbeidh siad in ann fostaíocht fhadtéarmach a thabhairt sa tír seo.

Cad is féidir leatsa a dhéanamh?

Más rud é go bhfuil áiseanna creidmheas agat ó do bhanc atá fé léirmheas fé láthair bí cinnte chun déileáil leo go priofisiúnta agus go beacht. Áit a bhfuil cionníollacha ag baint leis na h-áiseanna creidmheas dein deinhneach go bhfuil tú i gcomhréir leis na cionníollacha úd i gcónaí. Mar shampla, is minic gurb é cionníoll áiseanna creidmheas ná gur cheart cuntais iniúchóireachta a chuir isteach sa bhanc i gceann sé mhí tar éis deireadh na bliana.

Más rud é go bhfuil áiseanna creidmheas nua uait bí cinnte go bhfuil, ar a laghad, plean don ghnó agat a thabharfadh tacaíocht don iarratas agus, ina theannta san, caithfidh sé a bheith soiléir cathain a bheidh an áis creidmheasa aisíochta.

Ní bheidh an méid céanna creidmheas as fáil go bog a thuilleadh agus beidh sé daor freisin. Dá réir, caithfidh an custaméir a bhó fhéin a chur thar abhainn. Chun é sin a dhéanamh caithfidh tú a bheith priofisiúnta i gcónaí leo. Má tá imní ort faigh comhairle priofisiúnta chun teacht i gcabhair ort roimh aon cruinniú leis na bainc.

"Níl leigheas ar an gcathú ach é a mharú le foighne"

Bille airgeadais

Foilsíodh Bille an Airgeadais ar an 4ú la dFheabhra 2010. Is é atá ann ná ag cur chun dlí na beartaí a bhí le rá ag an Aire Airgeadais le linn an mBuiséad i mí na Nollag. Beidh pléigh ar an mBille san Oireachtas sular raghaidh sé chun cinn mar Acht tar éis siniú Uachtarán na hÉireann.

Bhí roinnt forálacha san mBille seo. Tá cuid acu luaite thíos:

- **praghsáil aistriú**
  Is chun Éirinn a chur ar an treo céanna leis an gcuid eile den Aontas Eorpaigh is cúis leis an forálach seo. Beidh sé riachtannach é a bheith curtha i mbun do gach tréimhse cuntasaíochta ag tosnú ar, nó tar éis, an chéad lá d-Eanair 2011. Más rud é go bhfuil na téarmaí socraithe roimh 1/07/2010 ní gá aon rud a dhéanamh.

- **shealbhaíochta**
  Tá sé ráite sa mBille go dtabharfar roinnt feabhsú, maidir le cúrsaí cáin, do chomhluchtaí atá bunaithe in Éirinn. I measc na feabhsú atá léirithe ná go gcuirfear cáin ag ráta 12.5% bun ós cionn le ráta 25% ar dibhinní atá ag teacht isteach ó chomhlúchtaí trádála i dtíortha nách bhfuil conradh cáin acu leis an tír seo.

- **cáin pearsanta**
  Ó Eanair na bliana seo amach beidh tobhach €200,000 le híoc ag gach duine go bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn, más rud é go bhfuil na coinníollacha seo a leanas acu:
  - méid a ioncam thar €1 milliún sa bhliain;
  - go bhfuil sóchmhainní in Éirinn le luach breis agus €5 milliún i ndeireadh mí na Nollag gach bliain atá fé chaibidil.

Is dóibh siúd a íocann níos lú ná €200,000 cáin in Éirinn agus a shásaíonn na coinníollacha thuas atá an tobach dírithe.

Tá a thuilleadh scríofa ar an ábhar seo ar an suíomh idirlinn.

"Gach aoinne ag tarraingt uisce chun a mhuilinn féin."



Costas pinsean

Tá go lóir scríofa sna nuachtáin le dhá bhliain anuas fé scéimeanna pinsean gairme. Ag pléigh na h-easnamh ullmhór sna scéimeanna scoir nó ag déanamh ainilisiú ar na scéimeanna tar éis gur thit an tóin as na stoc mhargaí ar fud na cruinne is mó a bhí sna nuachtáin.

Tá aithruithe taghta ar chostais na scéimeanna pinsean le roinnt blianta anuas. Fadó, is é an comhras a bhí ann ná gur chuaigh cuid mhaith do phréimh an chéad bliain chun costas an scéim a bhunú a íoc. Gach bliain dár gcionn ní raibh an chostas ró dhaor bun ós cionn le costas an chéad bliain. Dá bharr, bhí ar na scéimeanna san toradh den scoth a thabhairt bliain in aghaidh bliana chun éifeacht na costais a ghlanadh.

Tá an iomaíocht a bhaineann le scéimeanna pinsean i bhfad níos géire anois ná mar a bhí. Dá réir, is é an céatadán íosta ba chóir a fháil ar an méid a chuirtear isteach i scéim ná 95%. Is é sin le rá ná gur cheart €95 as gach €100 a bheith curtha díreach isteach sa scéim. Fagann san 5% nó €5 as gach €100 chun péigh costais a bhaineann le riariacháin na scéime a íoc.

D'ainneoin na costais luaite thuas bíonn táille bliaintiúil le h-íoc freisin maidir le bainistíocht na scéime. De ghnáth, is mar céatadán do luach na scéime ag deireadh na bliana a íochtar an táille. Cuireann rogha na h-achmhainn isteach go mór ar an táille seo, ach, de ghnáth, is idir 0.75% agus 1% de luach na scéime an costas.

Cad ba chóir a dhéanamh?

- **dáta bunaithe**
  Cinntigh cathain a thosnaigh an scéim áirithe. Faigh amach na costais go léir a bhaineann leis an scéim (agus péigh costas a bhaineann le ball nua a thabhairt isteach sa scéim freisin).
- **scéim nua**
  Más rud é nach bhfuil na costais oiriúnach nó san iomaíocht ba chóir smaoineamh ar scéim nua a bhunú agus péigh sochair atá sa seana scéim a chuir sall.
- **clúdach beatha?**
  An bhfuil clúdach beatha ar fáil san scéim pinsean do na baill iomlán? Bhí sé ana choitianta le blianta anuas go mbeadh sé amhlaidh. Ach, de réir mar a theann na baill in aois, téann costas an clúdach beatha i méid agus dá bharr titeann an méid den préimh atá ag dul isteach i gciste an phinsean.
- **dein léirmheas**
  Má cheapan tú, tar éis an alt seo a léamh, go gcuireann ceann nó dhó do na pointí isteach nó amach ar an scéim pinsean go bhfuil tú mar ball ar, bí cinnte chun léirmheas a dhéanamh ar an scéim ar fad. Tabharfaidh an léirmheas faoiseamh duit fé na costais atá fé chaibidil thuas.

"Beir ar do ghnó nó béarfaidh do ghnó ort."

Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Is ar 22ú lá do mhí na Samhna 2009 a cuireadh chun dlí an Acht chun Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) a bhunú. Bé príomh aidhim an Acht ná na bainc Éireannach go léir a ghlannadh suas agus ina theannta san go mbeadh muinín sa comhras bainc arís. Beidh fios ag formhór anois go bhfuil NAMA chun leabhar íosachtaí a cheannach ar chostas €54 billiún a bhí i leabhair na bainc éagsúla ar chostas €77 billiún.

Íosachtaí forbartha agus talamh cáilithe is mó a thagann fé réim an aistriú. In theannta san déanfar aistriú ar na íosachtaí is mó ós na bainc atá sa scéim go bhfuil na íosachtaí geallta ar mhaoin. Ní déanfar aon aistriú ar íosachtaí fé bhun €5 milliún (seachas i gcás cumann foirgníochta) nó ní déanfar aon aistriú ar íosachtaí a tugadh amach ó thús 2009.

Tá fhios ainmneacha an deithniúir is mó go bhfuil íosachtaí ag aistriú acu le mí anuas. Dóibh siúd go bhfuil íosachtaí beaga acu, i gcomparáid leis an deichniúir, tá an seans ann ná déanfar an aistriú go deiridh na bliana. Bhí ar an Rialtas feitheamh gur thug an t-Aontas Eorpach ceadú sular thosnaigh na h-aistriúcháin.

Cad is féidir le NAMA a dhéanamh?

Tá sé ráite cheanna féin ag NAMA go dtógfaidh said péigh beart is gá a thógaint chun cinntú go mbeidh gach daoine ag coiméad na coinníollacha is mó a luíonn leis an Acht úd. Chomh maith leis sin tá sé ráite acu go mbeidh seans ag gach iasachtaí a chás pearsanta a chur cun cinn le h-aghaidh maireachtáil.

Plean gnó?

Is iad na h-ábhair tábhachtach riachtanach sna pleanna gnó ná:

- cur síos ar stáideas airgidis an iasachtaí sa lá atá inniu ann;
- cur síos ar an méid íosachtaí atá ag an iasachtaí go dtí banc, nó bainc, nách bhfuil bait acu leis an scéim;
- líosta iomlán dá gcuid sócmhainní agus dá dliteanais;
- aidhmeanna ghearrthéarmach agus fhadtéarmach;
- líosta, in órd, do na sócmhainní chun díol agus iad siúd gur gá airgid a chaitheamh orthu;
- eolas fé gach tionscadal atá ar siúl; agus
- fáithléamh airgid go ceann trí bliana amach romhainn.

"An scuab nua is fearr a scuabann an tigh."

Teagmháil

Gnó Comhluchtaí Príomháideach

Pádraig De Búrca
Páirtí
T +353 (0)1 6805 650
E patrick.burke@grantthornton.ie

Cáin

Prionsias Breathnach
Páirtí
T +353 (0)1 6805 607
E frank.walsh@grantthornton.ie

Comhlucht Comhairliú Airgeadais Grant Thornton Teoranta

Oilibhéar Ó Conchubhair
Stiúrthóir
T +353 (0)1 6805 679
E oliver.oconnor@grantthornton.ie

Tá Comhlucht Comhairliú Airgeadais Grant Thornton Teoranta rialáilte ag an Rialtóir Airgeadais.

Áth Cliath - 24-26 Cé na Cathrach, Áth Cliath 2.
T +353 (0)1 6805 805 F +353 (0)1 6805 806
E info@grantthornton.ie
Luimneach – Teach an Mhuilinn, Sráid Anraí, Luimneach.
T +353 (0)61 312 744 F +353 (0)61 317 691
E info@grantthornton.ie
Droichead Nua - Sraith 3&4, Teach an Chlóis, Droichead Nua.
T +353 (0)45 449 322 F +353 (0)45 449 324 E info@grantthornton.ie

Tugadh an treoir seo chun eolas ginearálta a thabhairt amach ar na h-ábhar, ach ní ráiteas cuimsitheach é ar aon ceann acu. Ní cóir é a úsáid in ionad treoir indibhid. Ba chóir do dhuine treoir a fháil ó saineolaí roimh a n-aigne a dhéanamh suas. Ní thógfaidh Grant Thornton aon freagracht ar aon caillteanas a thárlaíonn de bhárr an ábhar seo. Tá Grant Thornton, ball Éireannach Grant Thornton Idirnáisiúnta, údaaraithe ag Institute of Chartered Accountants in Ireland chun gnó infheistíochta a chur i gníomh. www.grantthornton.ie
© 2010 Grant Thornton. Gach ceart ar cosaint.